Luġnasa 1967

Peil i gCois Ḟarraige

Mícéal Breaṫnaċ 1—7

An Spidéal 0—5

Féaċa sin! Níl lá dá ḟad naċ dtagann a ṫráṫnóna. Cé gur ṡíl na comarsannaí béal dorais naċ dtiocfaḋ uair na coimlinte go deo. An Spidéal agus an Cnoc? Go d'eile. "Derbí Ċonamara" eile a bí le beiṫ i gCarna ar an gcéad Ḋomnaċ de Ṁeiṫeam d'réir tuairisceoir "Amáireaċ." Peil? Sea, peil ṡóisireaċ agus an dara babta de ċomórtaisí na Craoibe (Bord na Gaillime Ṫiar) a bí ann. Ṡíl tú gur aon dream amáin iad muintir an Ċnoic agus muintir an Spidéil agus gur aon ḟoireann amáin peile a bíonns acab? Buel, ná síl níos mó é aċ sul a dtéiġ mé níos faide tá sé ċóm-maiṫ dom an scéal sin a ḋéanaṁ níos soiléire agus beagán de stair peile ċeanntair Ċois Ḟarraige a inseaċt.

Taca an ama seo anuraiḋ a ṫosaiġ laids óga an Ċnoic a' cuiṁneaṁ ar ḟoireann peile a ċur le ċéile. Bí cúpla rud a spreag iad le é seo a ḋéanaṁ. Ċeap roint daoine de ṁuintir a' paráiste go raib dallaḋ laids óga ann le go bféadfaidís féin foireann mionúir agus foireann sóisireaċ a ċur amaċ. Cuid de na daoine céanna ċreideadar go n-éireoḋ i bfad níos fearr leo dá bféadfaidís foireann de luċt a' paráiste s' acub féin a ċur amaċ ná mar a d'éireoḋ leob—dá bfanfaidís leis a' Spidéal go bráċ. Ċabraiġ an rial nua go mór leob: go gcaiṫfeaḋ duine imirt le foireann as a paráiste féin, dá mbeaḋ a leiṫéid ann, sin nó gan imirt le foireann ar biṫ eile. Tús na Saṁna a cuireaḋ dtús leis a' bfoireann nua go h-oifigiúil. Cé'n t-ainm a ṫabarfaidís orṫab féin? Mícéal Breaṫnaċ, ar ndóiġ. Sea, ní raib ann aċ aṫ-beoṫċan an tsean-Ṁícíl Breaṫnaiġ—foireann a raib sé de gradam acab gur bain siad amaċ craoḃ an condae, uair amáin.

B'ḟada le cumainn a' dá paráiste go bfaiġead a gcuid fóirne siolla ar a ċéile. Aċ ní aontóḋ na Breaṫnaiġ le cluiċe dúṫlám. Luaṫ nó mall ċasfaí an Spidéal dóib agus b'ḟéidir nár beag dóib a ṫúisce. Idir a' dá linn rinne na Breaṫnaiġ a míle díċeall le naċ mbéarfaí ina gcodlaḋ orṫa. Níl 'ḟios cé'n cleaċtaḋ a rinne siad agus cé gur ṫáinig an cluiċe údan i bfad níos túisce ná 'bí coinne acab leis féaċ féin gur ṁóide a soċar an cleaċtaḋ céanna. Sea! bí an "derbí" socraiṫe le h-agaiḋ an ċeaṫrú lá de mí Ṁeáin an tSaṁraiḋ aċ bí sé beagáinín ró-ḟada ó baile le go bféadfaḋ aon dream tacaiṫe de raṫ 'ġabáil in éindíġ le ceaċtar den dá ḟoireann. B'é an dara babta de na craoḃ ċluiċí é agus ó ṫárla gur buaileaḋ 'ċaon ḟoireann díob sa gcéad babta is i "roinn na gcaillteoirí" a bí siad. Péibrí cén foireann a ċaillfeaḋ beaḋ an ḟoireann sin amuiġ as an gcomórtas go ċionn bliana eile.

Is cosúil go raib an lá leis na Breaṫnaiġ ó ṫosaċ báire. Bí a roġain ag Séamas Ó Beirn mar ċaiptín Ṁícíl Breaṫnaiġ agus ṡocraiġ sé 'imirt leis a' ngaoiṫ. Bí cóir réasúnta gaoiṫe aniar ann agus is gearr go raib cúpla pointe scóráilte ag muintir a' Ċnoic. Tamaillín 'na ḋiaiḋ sin ṫáinig a' peil isteaċ aríst agus nuair a d'éiriġ Proinsias Ó Fáṫarta san aer ina ḋiaiḋ fuair sé buille sa mbolg ó Ṡéamaisín Ó Droiġneáin. Gan mórán moille bí a ainm tógṫa ag an réiteoir agus bóṫar 's bata tugṫa aige do Ṡéamaisín. Bí an ceart ag an réiteoir nuair a ṫóg sé a ainm aċ ní mórán duine ar ṫaiṫniġ an socrú leis—ceapaḋ go raib sé beagán ró-ṫobann agus go mba ċeart dó seans eile a ṫabairt don peileadóir cliste sin as a' Spidéal. As sin amaċ níor baol don réiteoir smaċt a ċailleaḋ ar an gcluiċe agus má's ar sin a bí sé a' ċuiṁneaṁ ó ṫús, b'ḟéidir nár ċeart 'beiṫ a' tromaċan ró-ṁór air. Cé's móite de ċúpla tuairteáil anseo is ansiúd ba ċluiċe spóirtiúil glan é as sin go deireaḋ.

Fuair fear a' ċleaċtaḋ ṁóir—Timín Ó Curraoin—cúl do ṁuintir an Ċnoic beagnaċ leaṫ bealaiġ tríd a' gcéad leaṫ agus as sin amaċ ċoinniġ siad 'un tosaiġ go maiṫ ar a' Spidéal. Timpeall an ama ċéanna ṫug siad-san cúpla ionnsaí láidir ar ċúl a' Ċnoic agus is beag bídeaċ nár ċuir Liam Ó Tuaṫail a' peil báite san eangaċ—dá mbeaḋ a leiṫéid ann!—as rúcam i mbéal na cearnóige; aċ b'éigin dó 'beiṫ sásta le pointe.

Ní gan a sean-oire d'imrí 'beiṫ orṫa a ċuaiġ na Breaṫnaiġ in éadan an Spidéil agus na gaoiṫe 'sa dara leaṫ agus ar feaḋ tamaill bí an ċosúlaċt air go mb'ḟéidir go dtarraingeoḋ an Spidéal tríd—ní raib a' teastáil uaṫa aċ cúl. Sea! staic de ċúl! rud a bí doḋéanta leis na Breaṫnaiġ an lá sin ṡileá. Le linn an ama seo cinnte ṡeas a gcuid tacaiṫe an fód agus níl daḃt aċ gurb iad a ṡábáil a' lá don Ċnoc. Aċ tá molaḋ ar leiṫ a' gabáil do Pádraic Óg Ó Fáṫarta a rinne Seán Mac Oireaċtaiġ dó féin idir a' dá cuaille. Ṡábáil sé cúpla ceann uafásaċ cinnte. Nuair a bí a' ċuid is mó dá bfuinneaṁ 's dá spreacaṁ ídiṫe, ċuaiġ tosaiṫe an Ċnoic siar ar an ionnsaí aríst gur ġearr Séamas Ó Beirn tríd a raib sa mbealaċ air agus fuair sé pointe álainn. Sea, bí an lá leis a' gCnoc go cinnte, aċ le barr slaċta a ċur air fuair Proinsias Ó Fáṫarta pointe eile. Bí buaiṫe ag na Breaṫnaiġ ar a' Spidéal agus é tuillte go maiṫ acab.

D'imir 'ċuile ḋuine de ṁuintir a' Ċnoic a ċion aċ is deacair gan tagairt a ḋéanaṁ de ċorr-ḋuine go speisialta. Ċeap mé féin gurb é an fear i lár na páirce, Críostóir Ó Scanláin, an t-imreoir ab ḟearr ar a' bpáirc. Uair a' biṫ a raib gáḋ leis (agus ní ró-ṁinic é) rinne sé cion beirte. De na fir ċúil bí an cúl báire agus Mícéal Ó Congaile ar feabas—eisean a ċuir smaċt ar a' bfear is mó a bfuil cáil air d'ḟoireann a' Spidéil: an Congaileaċ beag. Bí an lán ċúlaí Pádraic Mac Diarmada an-tsábáilte freisin agus ḋeaṁan a raib bascaiṫe den ċuid eile—Fáṫartaiġ na n-Aille. De na tosaiṫe bí an-lá ag Seósaṁ Ó Congaile, Proinsias Ó Fáṫarta, Nioclás agus 'ar ndó' Timín Ó Curraoin a rinne an-job den Treasaċ. Maidir leis a' Spidéal, a' Congaileaċ as na Mine tofa agus Máirtín Ó Congaile a' cuidiú leis sa dara leaṫ, go h-áiriṫe. Bí "cuma na maiṫeasa" ar Ṡeáinín Ó Neaċtain ceart go leor agus bí cluiċe maiṫ ag a leaṫ-tosaí láir—Congaileaċ eile as na Mine.

"Ní bíonn a' ċéad duine buíoċ ná díombuaċ" deirtear, aċ bí na Breaṫnaiġ buíoċ go leor as a' gcéad ċluiċe leis a' Spidéal. Ċaiṫfeaḋ dream eicínt gnóṫaċtáil agus ṫarla gur don Ċnoc a bí sé i ndán an babta seo. Ní bíonn foireann a' biṫ gan constaic eicínt a beiṫ sa mbealaċ orṫa go h-iondúil agus sé 'n cás céanna ag a' Spidéal é. Aċ nuair a bíos na constaicí sin curṫa i leaṫ-taob (agus gan aon constaicí móra eile a beiṫ sa mbealaċ) tá súil a'inn ar fad go gcasfaiḋ an dá ḟoireann seo ar a ċéile aríst agus go dtabarfaiḋ siad taisbeántas de peileadóireaċt ċliste spóirtiúil dúinn—an peileadóireaċt is dual dóib. Idir a' dá linn (beiḋ a bfurṁór imriṫe nuair a ḟoillseofar é seo) guímid a' t-áḋ le foireann peile Ṁícíl Breaṫnaiġ ins a' gcuid eile den ċomórtas craoḃ ċluiċí.

* * *

Gliondar na Bua

Foireann Mhicheál Breathnach ag ceiliúradh a mbua ar Gaeil Fhanada i gCluiche Ceannais Peile Chomórtas Peile na Gaeltachta 2006. An scór deiridh: Micheál Breathnach 3-10 – Gaeil Fhanada 1-13